C/2025/1165

18.2.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11870 – IGNEO / HÖEGH FAMILY GROUP / LARUS)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/1165)

1. An 10 Feabhra 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Igneo Infrastructure Partners ('Igneo', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Mitsubishi UFJ Financial Group, Inc. ('MUFG')

— Høegh Family Group (an Iorua)

— Larus Holding Limited ('Larus', Beirmiúda), faoi rialú Høegh Family Group agus Morgan Stanley Infrastructure Partners.

Gheobhaidh Igneo agus Høegh Family Group rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Larus.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is sainbhainisteoir bonneagair domhanda é Igneo, a dhéanann infheistíocht i gcuideachtaí bonneagair mheánmhargaidh aibí ardcháilíochta in earnálacha an fhuinnimh in-athnuaite, an bhonneagair dhigitigh, an bhainistithe dramhaíola, na bhfóntas uisce, an iompair agus na lóistíochta san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe, san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus i Meiriceá Thuaidh,

— Tá Høegh Family Group gníomhach go príomha in oibríochtaí rolladh ann-rolladh as agus in iompar feithiclí (trí Höegh Autoliners), agus i seirbhísí bonneagair shnámhaigh GNL (trí Höegh Evi Ltd.). Tá infheistíochtaí díreacha ag Høegh Family Group i réadmhaoin freisin agus infheistíonn sé i sócmhainní airgeadais,

— Is é Larus an chuideachta sealbhaíochta a bhfuil úinéireacht aige ar gach scair amuigh i Höegh Evi Ltd., úinéir agus oibreoir Aonad Snámhach Stórála agus Athghásaithe GNL agus Iompróirí GNL.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11870 – IGNEO / HÖEGH FAMILY GROUP / LARUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË